CEACHT 24

AG FANACHT LE MAMAÍ



Pictiúr: Radharc:

Mamaí agus Bríd sa siopa, Daidí agus Páid lasmuigh sa tsráid, an siopadóir, milseáin, comhartha ceiste le cur sa chiorcal cainte de réir mar a oireann; ansin Mamaí, Daidí, Páid agus Bríd istigh sa siopa, píosa deich bpingin a chur i láimh Dhaidí, milseáin a chur i lámha Sheáin de réir bhrí na cainte. Ansin iad go léir ag dul abhaile.

Céim 4: Rí, banríon (Ceacht 19), sagart (Ceacht 18), tiománaí (Ceacht 3), saighdiúir (Ceacht 17), píolóta (Ceacht 28), cigire.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Tá Mamaí agus Bríd istigh sa siopa. Tá Daidí agus Páid amuigh sa tsráid. Tá siad ag fanacht leo.

Agallamh

DAIDÍ: Tá Mamaí sa siopa fós. Céard atá sí a dhéanamh?
PÁID: Tá sí ag caint leis an siopadóir.
DAIDÍ: Is dócha go bhfuil sí ag ceannach rudaí.
PÁID: An rachaimid isteach?
DAIDÍ: Rachaidh. Ar mhaith leat milseáin?
PÁID: Ba mhaith liom, más é do thoil é.

Cuntas Reatha

Thug Daidí deich bpingin do Pháid. Chuaigh siad isteach sa siopa. Cheannaigh Páid milseáin. Ansin chuaigh siad go léir abhaile.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Céard faoi Mhamaí agus Bhríd?
Cé atá amuigh sa tsráid?
Céard atá siad a dhéanamh?

Cá bhfuil Mamaí, a "Dhaidí"?
Agus cuir ceist fúithi.
Tá sí ag caint leis an múinteoir, a "Pháid"?
An bhfuil a fhios agat céard atá siad a dhéanamh, a "Dhaidí"?
Tá ceist agat, a "Pháid"?
Freagair é, a "Dhaidí".
Agus cuir ceist air faoi na milseáin.
Níor mhaith leat iad, is dócha, a "Pháid"?

Thug Daidí rud éigin do Pháid?
Céard a rinne siad ansin?
Céard a rinne Páid?
Cá ndeachaigh siad go léir ansin?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. Tá *Mamaí* agus *Bríd* istigh sa siopa.
   (*fear* agus *buachaill, sagart* agus *cigire, rí* agus *banríon,* etc.).
2. Ar mhaith *leat* milseáin?
   (*tusa, eisean, ise, iadsan, an buachaill, Seán*).
   Freagraí ó pháistí eile:
   "*Ba mhaith liom . . .*" "*Níor mhaith liom . . .*"
3. Tá sí ag caint leis an *siopadóir.*
   (*píolóta, cigire, sagart,* saighdiúir, tiománaí*).
4. *Chuaigh* Páid isteach sa siopa.
   (*gach lá, anois, amárach;* ní, an?: *inné, amárach*).

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Dráma beag:
   Páistí ag ceannach i siopa na scoile.
3. Scéal a chumadh:
   "*Thug Daidí deich bpingin dom . . .*"
   Ceisteanna ar an scéal ó pháistí eile.
4. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.

**Ministir,* más mian.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

I

Bhí Mamaí agus Bríd sa siopa,
Bhí Daidí agus Páid sa tsráid
Fuair Páid deich bpingin le haghaidh milseán,
Agus cheannaigh sé barra seacláide.

Curfá

Milseáin, milseáin, Yum! Yum! Yum!
Is maith liom milseáin, Yum! Yum! Yum!
Seacláid, seacláid, seacláid,
Yum! Yum! Yum!